**An Madra Rua agus an Préachán**

Bhí préachán ag eitilt thuas sa spéir lá. Chonaic sé píosa cáise ar an dtalamh. Bhí ocras air, mar sin, phrioc sé suas an píosa cáise agus d'eitil sé in airde ar chrann. Tháinig an madra rua. Bhí ocras air siúd leis agus nuair a chonaic sé an cháis i ngob an phréacháin, líon sé suas d'éad agus d'fhormad.



"Nach aoibhinn an t-éan tusa" ar seisean, "agus nach gleoite na cleití atá ort."

"Deirtear liom go bhfuil guth álainn binn agat, chomh maith."

"An bhfeadraís," ar seisean, "níl aon rud sa tsaol is fearr liomsa ná guth préacháin."

Tháinig mórtas agus éirí in airde ar an bpréachán agus thaitin an moladh chomh mór san leis gur oscail sé a bhéal.

'Cá, Cá, Cá' ar seisean.

Thit an píosa cáise amach as a bhéal, ach má thit, ba thapaidh a sciob an madra rua leis é agus d'ith siar ina bholg é.